Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Athscríbhinn den fhíseán

# Ár gCultúr agus Luachanna

Tá téacs beo agus íomhánna gluaisteacha san fhíseán seo.

**Banc Ceannais na hÉireann**

**Cé muid féin, cad a dhéanaimid, agus conas a dhéanaimid é**

Is muidne banc ceannais na hÉireann agus táimid freagrach as cobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimeád ar bun agus as a chinntiú go mbíonn an córas airgeadais ag obair ar mhaithe le leas an phobail.

Táimid mar chuid d'aontais airgeadaíochta agus baincéireachta na hEorpa, agus den líonra domhanda rialtóirí airgeadais.

Tá cosaint daoine i gcroílár gach a ndéanaimid. Cuirimid anailís, staidreamh agus tráchtas eacnamaíoch ar fáil atá mar bhonn eolais do chinntí a bhaineann le riachtanais na tíre.

Socraímid caighdeáin chun tomhaltóirí a chosaint, agus déanaimid rialáil agus maoirseacht ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus ar mhargaí, agus glacaimid gníomh forfheidhmiúcháin nuair is gá dúinn. Táimid freagrach as córas íocaíochta na hÉireann agus as soláthar airgeadra na tíre.

Is í an fhís atá againn go mbeidh muinín ag an bpobal asainn, go mbeidh meas ag ár bpiaraí orainn agus go mbeidh ionad oibre sásúil ann dár bhfoireann. Bímid ag obair go dlúth le daoine ar fud na hÉireann mar aon le comhghleacaithe ar fud na hEorpa, agus ar fud an domhain, chun ár misean a bhaint amach.

Creidimid go diongbháilte i bhfeidhmíocht an Bhainc agus i bhfoireann an Bhainc agus tá an-dóchas againn astu. Bímid ag gníomhú ar bhealach inbhuanaithe. Táimid tiomanta don éagsúlacht agus don ionchuimsiú a neartaíonn sinn mar dhaoine agus mar eagraíocht.
Déanaimid mionanailís ar na sonraí is fearr atá ar fáil. Creidimid sa rannpháirtíocht agus i gcumarsáid oscailte, shoiléir, rialta.

Tá ár luachanna mar bhonn taca faoin gcaoi ina mbímid ag plé lena chéile agus léiríonn siad na spriocanna atá againn, dúinn féin agus don phobal:

Ionracas agus bá, sa chaoi go ndéanaimid an rud ceart, go ndéanaimid beart de réir ár mbriathair agus go mbeidh bá againn le daoine;

Misneach agus umhlaíocht, sa chaoi go mbeimid diongbháilte i mbun gnímh, go mbeimid ullamh chun dul i mbun na nuálaíochta agus an athraithe agus go mbeimid sásta i gcónaí éisteacht agus foghlaim;

Obair foirne agus sármhaitheas, sa chaoi go mbainfimid torthaí d'ardchaighdeán amach trí leas a bhaint as ár mbuanna coiteanna, trí dhearcthaí éagsúla a chur san áireamh agus trí iarracht a dhéanamh forghníomhú dea-rialaithe a bhaint amach.

Creidimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh banc ceannais neamhspleách ann a bheidh trédhearcach, cuntasach agus nasctha le gach réimse beartais phoiblí, in Éirinn, san Eoraip agus ar fud an domhain.

Ár bpríomhaidhm i gcónaí is ea leas mhuintir na hÉireann.

**Is muidne Banc Ceannais na hÉireann.**